PV4

IARRATAS AR ÁIREAMH SAN FHORLÍONADH DON LIOSTA VÓTÁLAITHE POIST DAOINE ATÁ FOSTAITHE AG CINN CHOMHAIRIMH

LÉIGH NA NÓTAÍ THÍOS GO CÚRAMACH, LE DO THOIL, SULA LÍONFAIDH TÚ AN FHOIRM SEO

Cuid A: Sonraí an Toghthóra

1. Ainm **(BLOCLITREACHA):** _____
   [Cuir isteach, más é do thoil é, sonraí eile mar 'Sinsearach', 'Sóisearach', ainm eile nó túslitir má tá duine eile a bhfuil an t-ainm agus an sloinne céanna aici/aige ina c(h)ónaí ag an seoladh céanna]

2. Seoladh **(BLOCLITREACHA):** _____

   _____

3. Dáta Breithe: _____

4. Uimhir theileafóin i rith an lae: _____

5. Uimhir ar an gClár Toghthóirí (más eol duit í): _____

6. An toghcheantar a mbeidh tú fostaithe ann: _____

7. Creidim go bhfuil an t-eolas atá tugtha agam fíor agus iarraim a bheith áirithe san Fhorlíonadh don Liosta Vótálaithe Poist de bharr m'fhostaithe sa toghcheantar a luaitear in 6 thuas.

   Síniú: _____ Dáta: _____

==========

Cuid B - Le líonadh ag an gCeann Comhaireamh

Deimhním leis seo go mbeidh an duine thuasluaite fostaithe agam mar _____ lá na vótála agus, de thairbhe thoscaí na fostaíochta sin, nach mbeidh sé/sí in ann vótáil go pearsanta ag an stáisiún vótála sa toghcheantar a mbeadh sé/sí i dteideal vótála ann murach sin.

Síniú an Chinn Chomhairimh: _____ Dáta: _____

==========

NÓTAÍ

1. Faoi dhlí na toghchánaíochta féadfaidh duine atá fostaithe ag ceann comhairimh agus atá cláraithe chun vóta a chaitheamh i dtoghcheantar seachas an toghcheantar a bhfuil sé fostaithe ann iarratas a dhéanamh ar áireamh san fhorlíonadh do liosta vótálaithe poist an toghcheantair a bhfuil gnáthchónaí aige/aice ann.

2. Le gur féidir thú a áireamh san fhorlíonadh don liosta vótálaithe poist de bharr d'fhostaíochta ag an gceann comhairimh, ní mór duit:
   - a bheith áirithe cheana ar chlár do thoghcheantair féin; agus
   - gan bheith in ann vóta a chaitheamh go pearsanta sa toghcheantar ag an stáisiún vótála a gcaitheann tú do vóta ann de ghnáth de bharr d'fhostaithe ag ceann comhairimh lá na vótála.

3. Ní mór do gach duine atá ag déanamh iarratais ar áirimh san fhorlíonadh de bharr a f(h)ostaithe ag ceann comhairimh foirm ar leith a líonadh agus a shíniú. Chun moill a sheachaint i bpróiseáil d'iarratais, cinntigh go bhfuil an fhoirm líonta go hiomlán agus postáil nó tabhair de lámh í go dtí Comhairle Contae nó Comhairle Cathrach an limistéir a bhfuil tú i do chónaí ann.

4. Is coir é gan eolas a theastaíonn ón údarás clárúcháin chun a dhualgais a chomhlíonadh a chur ar fáil nó eolas bréagach a thabhairt go feasach.